CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 183/23**

**Lucsamburg, 5 Nollaig 2023**

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCásanna Uamtha C-451/21 P| Lucsamburg v an Coimisiún agus C-454/21 P | Engie Global LNG Holding agus páirtithe eile v an Coimisiún

# Sáraíodh dlí an Aontais leis an scrúdú a rinne an Coimisiún Eorpach ar *tax rulings* Lucsamburg a deonaíodh do Ghrúpa Engie,

Chinn an Coimisiún Eorpach gur dheonaigh Lucsamburg Státchabhair do Ghrúpa Engie i gcomhthéacs *tax rulings a* bhaineann le hidirbhearta maoinithe inghrúpa. Mar sin féin, rinne an Coimisiún earráid agus an córas tagartha á chinneadh aige arb é an túsphointe don scrúdú comparáideach atá le déanamh i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar roghnaíocht na mbeart cánach sin agus, dá bhrí sin, a n-aicmiú mar Státchabhair toirmiscthe. Ní mór a áireamh sa chóras tagartha nó sa 'gnáthchóras cánach', óna gcaithfear anailís a dhéanamh ar an gcoinníoll a bhaineann le roghnaíocht, na forálacha lena bhforáiltear do na díolúintí a mheasann na húdaráis chánach náisiúnta a bheith infheidhme sa chás seo, i gcás nach dtugtar isteach leis na forálacha sin iontu féin idirdhealú follasach idir gnóthais, nach dtugtar buntáiste roghnaitheach leo féin de réir bhrí dhlí an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún maolú ar chreat tagartha a bhunú trína chinneadh, mar a rinne sé sa chás seo, go n-imíonn beart ó chuspóir ginearálta cáin a ghearradh ar gach cuideachta a chónaíonn sa Bhallstát lena mbaineann, gan forálacha an dlí náisiúnta lena sonraítear an bealach ina gcuirfear an cuspóir sin chun feidhme a chur san áireamh.

Le cinneadh an 20 Meitheamh 2018 [1], chinn an Coimisiún gur ghlac údaráis chánach Lucsamburg dhá shraith rialuithe cánach ('*tax rulings*'), i gcomhthéacs socruithe casta corparáideacha agus airgeadais laistigh den ghrúpa Engie. De réir an Choimisiúin, chuir an chóireáil chánach sin ar chumas an ghrúpa sin cánachas a sheachaint ar bheagnach gach brabús a rinne fochuideachtaí atá bunaithe i Lucsamburg. Thángthas ar an gconclúid go raibh na *tax rulings* sin ina Státchabhair nach raibh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus gur ghá d'údaráis Lucsamburg iad a aisghabháil óna dtairbhithe.

Thóg grúpa Engie agus Lucsamburg caingne os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, dhiúltaigh an Chúirt sin na caingne [2]. Rinne Engie agus Lucsamburg achomharc chuig an gCúirt Bhreithiúnais ansin.

Meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais, d'fhonn a chinneadh an státchabhair atá i mbeart náisiúnta, nach mór don Choimisiún a **léiriú, go háirithe, go dtugann sé buntáiste roghnaitheach** dá thairbhí. Chun beart cánach a aicmiú mar bheart 'roghnaitheach', ní mór dó **an córas tagartha a shainaithint** ar dtús, eadhon an 'gnáthchóras cánach' is infheidhme sa Stát lena mbaineann*.* Ansin, ní mór don Choimisiún a thaispeáint go **maolaíonn an beart atá i gceist ón gcóras tagartha sin** toisc go **ndéanann sé idirdhealú idir gnóthais i gcás inchomparáide.**

Ní fhágann forálacha dhlí Lucsamburg atá i gceist go sainráite go bhfuil díolúine ioncaim rannpháirtíochta ar leibhéal máthairchuideachta faoi réir cánachais ar leibhéal a fochuideachta de bhrabúis dáilte. Ba é sin léiriú na bhforálacha sin a chuir Lucsamburg ar aghaidh. Sa chás seo, d'imigh an Coimisiún ón léiriú sin, agus é den tuairim nach raibh sé ag luí leis an gcuspóir ginearálta cáin a ghearradh ar gach cuideachta chónaitheach. Mar sin féin, tugann an Chúirt Bhreithiúnais dá haire go gceanglaítear ar an gCoimisiún, i bprionsabal, glacadh le léiriú fhorálacha an dlí náisiúnta arna dtabhairt ag an mBallstát i ndíospóireacht sháraíochta, ar choinníoll go bhfuil an léiriú sin ag luí le foclaíocht na bhforálacha sin. sa chás seo, níor chuir an Coimisiún aon fhianaise ar aghaidh a fhágann go bhfuil an

léiriú a chuir Lucsamburg ar aghaidh neamhbhailí, rud atá ag luí, ina theannta sin, le foclaíocht na bhforálacha sin. Dá bhrí sin, bhí an Chúirt Ghinearálta mícheart chun seasamh le cinneadh an Choimisiúin go raibh nasc coinníollachta den sórt sin idir an dá chóireáil chánach sin.

Thairis sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí nach raibh sé de cheangal ar an gCoimisiún cleachtas riaracháin údaráis chánach Lucsamburg a bhaineann le foráil náisiúnta maidir le mí-úsáid cheart a chur san áireamh. D'fhonn bunús a thabhairt lena chinneadh, ba cheart don Choimisiún a shuí, sna *tax rulings* atá i gceist, gur imigh riarachán cánach Lucsamburg óna chleachtas féin maidir le hidirbhearta atá inchomparáide leis na cinn atá i gceist.

Ar deireadh, agus í ag rialú na gcaingne le haghaidh neamhniú, measann an Chúirt Bhreithiúnais **go ndearna an Coimisiún earráid ina anailísí éagsúla ar na** creataí tagartha lena sainítear an gnáthchóras cánachais. Measann sí, go háirithe, go ndéanfaí neamhshuim d'inniúlacht fhioscach agus neamhspleáchas fioscach na mBallstát in earnálacha nach bhfuil comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh dá bhféadfadh an Coimisiún creat tagartha a shainiú go heisiach ar bhonn an chuspóra ghinearálta maidir le cáin a ghearradh ar gach cuideachta chónaitheach a shaothraítear leis an dlí náisiúnta, agus, dá bhrí sin, gan forálacha lena bhforáiltear do dhíolúintí, go háirithe, a áireamh sa chomhthéacs sin. Chuir na hearráidí **sin an anailís roghnaíochta iomlán ó mhaith** agus **dá bhrí sin cuirtear cinneadh an Choimisiúin ar neamhní**.

**MEABHRÚCHÁN** Féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais, ach amháin ar cheisteanna dlí, i gcoinne breithiúnais nó ordaithe ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, níl éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá an t-achomharc inghlactha agus bunús maith leis, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar neamhní. Má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais féin breithiúnas críochnaitheach a thabhairt sa chás sin. Seachas sin, cuireann sé an cás faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, atá faoi cheangal ag an gcinneadh a thug an Chúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán an bhreithiúnais agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir de chraoladh an bhreithiúnais ar fáil ó "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fan i dteagmháil linn!

[1] Cinneadh (AE) 2019/421 ón gCoimisiún, an 20 Meitheamh 2018 maidir le Státchabhair SA.44888 (2016/C) (ex 2016/NN) arna chur chun feidhme ag Lucsamburg le haghaidh Engie.
[2] Breithiúnas an 12 Bealtaine 2021 i gCásanna Uamtha T-516/18 agus T-525/18 Lucsamburg agus páirtithe eile v an Coimisiún (féach preaseisiúint Uimh 80/21).